an Breitheamh Baker ina dhiaidh sin ar an meas a bhí ag an Rialtas agus ag cleachtóirí araon ar an gCoimisiún agus ar cé chomh suntasach agus a bhí sé cuirteadh a fháil chun dul isteach ann. Is minic a úsáidtear na Páipéir Chomhairliúcháin agus na Tuarascálacha ón gCoimisiún mar mhíniú agus foinsí tábhachtacha ar staid reatha dhlí na hÉireann. Mar shampla, ba é an páipéar comhairliúcháin a scríobh Nicola White ar réiteach malartach diospóidí an téacs cinntitheach ar an topaic. Saothair cheannródacha eile ba ea an páipéar comhairliúcháin agus an tuarascáil ar léiriú

reachtuil.



An Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a seoladh i 2013.

díl shibhialta de chásanna ina bhfuil daoine ar iarraidh; agus an cumas chun toiliú a thabhairt i gcomhthéacs cionta gnéis. Foilsíodh obair an Chóimisiúin ar bhainistiú fach pearsanta agus fortheidhmíú fach thart ar an am sin freisin, agus an obair sin ag cur bonn eolais faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012.

Sampla eile den Chóimisiún a bheith ag moladh réitigh dhifhithiúla ar fhadhbanna a tháinig chun cinn i sochail mheathraitheach ba ea an Tuarascáil ar Chearta agus Dualgais de chuid Comhchónaitheoirí. Tháinig teaghláigh neamhfhoirmiúla chun bheith níos coitianta in Éirinn agus, i gcásanna áirithe, bhí páirtneirí amháin i gcleithiúnas airgeadais ar an bpáirtneirí eile gan cosaint dhifhithiúil an phósta a bheith aige nó aici. Pleadh sa tuarascáil saincheisteanna dhifhithiúla amháil comhaontuithe a dhéanamh ar nithe airgeadais, dlíthe cánach agus na teidilíochtaí comharbais ba cheart a bheith ag comhchónaitheoirí cáilithe, aitheantas ginearálta do chomhchónaitheoirí faoin dlí leasa shóisialaigh, an dlí tionóntachta príobháidí, suíomhanna cúram sláinte agus ospidéal, an dlí foreigin baille, agus córas cúitimh “íontán sábháilteachta” le haghaidh faoiseamh airgeadais a thabhairt ag deireadh caidrimh dá bhfeadfaí cleithiúnas eacnamaíoch a chruthú. Cuirteadh cuid mhór de na moltaí san áireamh san Acht um Páirtneireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010.



An Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí a seoladh i 2007.

Gearcheim don Choimisiún

Tamallín ina dhiaidh sin, áfach, bhí baol ann go scoirfeadh an Coimisiún de bheith ann. Foilsíodh Tuarascáil McCarthy sa bhliain 2009, inar moladh go ndéanfaí roinnt gníomhairíochtaí Stáit a dhíothú nó a chnascadh nó go ngabhfaidh ranna rialtais a gcuid feidhmeanna orthu féin. Moladh inti nach dtionófaí an Coimisiún ar bhonn buan a thuilleadh, á rá gur cheart é a ationól "as required to address government mandated reform agendas".

Baineadh suaitheadh as an lucht díl mar thoradh ar na tograí sin. Luaigh an Breitheamh Onórach Catherine McGuinness, Uachtarán an Choimisiúin, gur mhór an trua é nar labhairt grúpa McCarthy leis an gCoimisiún toisc gur léir, bunaithe ar an tuarascáil ón ngrúpa, nár thug sé go hiomlán cad a bhí i sainordú agus i modheolaíocht an Choimisiúin. Bhí an Coimisiún ag obair cheana féin de réir clár oibre athchóirithe a bhí sainordaithe ag an rialtas, agus comhaontáidh gach ceann dá Chláir um Athchóiriú an Díl leis an Rialtas. Chuir sí in iúl freisin gurbh íoronta an rud é gur ón gCoimisiún um Athchóiriú an Díl féin a tháinig cuid mhór de na tograí eile ó McCarthy. Airíodh leo sin tairfeadadh digiteach a chur i bhfeidhm sna cúirteanna, focalochtaí tréimhsíúla a dhéanamh i gcásanna díobhála pearsanta tubaistí, agus eadráin agus idirghabháil shainordaitheach ag comhlachtaí Stáit. Ba é luach an Choimisiúin a chinntigh ar deireadh go leanfaidh sé ar aghaidh.

Leanúint ar Aghaidh

Lean an Coimisiún ar aghaidh lena chuid oibre

beag beann ar na dúshláin sin, agus é ag foilsíú tuarascálacha ar réamhthreoracha cúraim, ar dhíiteanas sibhialta do "Shamáráigh mhaithe" agus d'oirbriú deonacha, agus ar chosaintí díl choiriúil sa bhliain 2009. Phléigh an Coimisiún cóiréail liachta leanaí agus fanaise leictreonach agus dhoiciméadach freisin.

Ag teacht sna sala ar chás conspóideach uchtála inar thug lánúin a mac uchtaithe ar ais chuig an Indinéis, d'iarr an Árd-Aighne ar an gCoimisiún scrúdu a dhéanamh ar uchtálacha idir tíortha. Sa bhliain 2008, chuir an Coimisiún in iúl an athnuair gur gha an Coimhinsiún um Uchtálacha Idir Tíortha 1993 a dhaingníú, rud a bhí á chur san áireamh sa Bhille Uchtála, 2008. Mhol sé freisin go n-eiseofaí treoirlinnte maidir le doiciméid uchtála coigríche a fhorú agus maidir lena chinntiú go mbíonn comhairle díl neamhspleách ag an mBord Uchtála.

D'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil ar Ghnéithe Dlíthiúla de Chongais Teaghlaigh sa bhliain 2010. Agus leas leanaí á bhreithniú, cumhdáidh sa tuarascáil sin saincheisteanna amháil na cearta agus na freagrachtaí de chuid aithreacha neamhphósta, páirtneirí sibhialta agus daoine eile den teaghlach, agus úsáideadh an tuarascáil mar bhunús don athchóiriú cuimsitheach ar an dlí teaghlaigh a rinneadh faoin Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ar réiteach malartach díospóidí, agus an Acht Idirghabhála, 2017, ag teacht aisti, agus tuarascáil ar chúram baile gairmiúil freisin. Foilsíodh páipéir chomhairliúcháin ar na nithe seo a leanas chomh maith: pianbhreitheanna sainordaitheacha; comarthaí árachais; gnéithe



Foireann an Choimisiúin ag bhliantúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, 2009.

³ (iml. 1, lch 71; iml. 2, lch 207) <https://www.irishtimes.com/news/proposal-to-abolish-law-reform-body-criticised-1.704091> arna rochtain an 19 Márta 2025

An Ceathrú Decaid 2006-2015



Tréimhse dhúshlánach ba ea an ceathrú decaid, ar lena linn a bhí todhchaí an Choimisiúin faoi bhagairt mar gheall ar iarmhairtí na géarchéime airgeadais.

An Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí

Ba sa bhliain 2007 a d'fhorbair an Coimisiún an tríú clár um athchóiriú an dlí. Rinneadh comhairliúcháin fairsing leis an bpobal chun an clár sin a ullmhú. Rinneadh iarrachtaí for-rochtana eile freisin, aít ar thug an Coimisiún cuairt ar Chorcaigh agus ar Ghailímh, ar chuir sé fógraí i nuachtáin áitiúla agus a ndearna sé agallaimh ar stáisiúin áitiúla raidió. Chomh maith leis sin, scríobh an Coimisiún chuid TDanna áitiúla, chuid dlí-chleachtóirí agus chuid scoileanna dlí, agus réachtáil sé comhdháil ar athchóiriú an dlí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Thug Brian Lenihan, an Aire Dlí agus Cirt ag an am, aitheasc ag an gcomhairliúchán deiridh, agus é ag cur in iúl go láidir gur gá don rialtas obair go dlúth leis an gCoimisiún. Rinne sé tagairt ar leith don Bhille um bunachar sonraí DNA a bhnuú, ar ina leith a bhain a roinn leas mór as tuarascáil ón gCoimisiún. Labhair sé faoin mbearna dhlíthiúil a d'fhéadfadh teacht roimh na cúlirteanna, ar bhearna í nach



An Coimisiún: John Quirke, Finola Flanagan, Donnacha O'Connell, Marie Baker agus Tom O'Malley, 2013.

bhfeadfadh cruthaitheacht bhreithiúnach í a íonadh go sásúil. "The Law Reform Commission comes into its own in such circumstances. It is equipped with the tools to seek out such lacunae whether in statute law, in the common law or in any interstices that it may identify between the two; to research and, through its well-developed consultative processes, canvass possible solutions; and to make proposals to the legislature and the general public for change."

Uachtarán an Chóimisiúin An Breitheamh Declan Budd leis an Mbreitheamh Catherine McGuinness, Patricia Rickard-Clarke agus Marian Shanley ag seoladh an Pháipéir Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Chomhchónaitheoirí, Aibreán 2004.



Ag an am sin, thosaigh an Coimisiún ag feachaint níos faide ná cónais dlí choitinn agus ag tabhairt tús áite do dhlí-eolaíocht na Cúirte Forpaí um Chearta an Duine. Thosaigh sé ag eagrú cruinnithe le coimisiúin eile um

Bhí an Coimisiún ag gabháil le fada d'athbhreithniú ar dhlí talún agus tíolactha na hÉireann, agus d'fhoilsigh sé an tuarascáil uaidh ar Athchóiriú agus Nuachóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha sa bhliain 2005. Achtaíodh an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009 mar thoradh air sin, agus an dlí sa réimse seo a chomhdú. Ní hé amháin go ndearnadh an dlí níos solliére agus níos inrochtana de bharr an Achta sin, ach tugadh isteach ann athchóirithe suntasacha substainteacha freisin, amháil deirleadh a chur le coinchéap iomlán na tionachta feodaí ar a raibh dlí maoinne réadál na hÉireann bunaithe go fóill. Thuairiscigh an Coimisiún freisin ar athchóiriú an dlí maidir le comhchónaitheoirí agus ar an dlí lenar rialaíodh cuidéachtaí bainistíochta coimpléasc árasán, agus mhól sé go bhforbrófaí Bunachar Sonraí teoranta DNA.

Uachtarán an Chóimisiúin, Catherine McGuinness, le Taoiseach Bertie Ahern agus Iar-Uachtarán an Chóimisiúin Ronan Keane, ag freastal ar ócáid i dTeach Farnleigh chun tríocha bliain a cheiliúradh.



Ba iad ceathrar uachtarán as a chéile a threoraigh an Coimisiún le linn na decaíde seo. Tháinig Vivian Lavan in ionad Anthony Hederman sa bhliain 1998, agus d'fhan sé sa ról go dtí an bhliain 2000, tráth a chuaigh Declan Budd i mbun an ról. D'fhóin sé mar uachtarán go dtí an bhliain 2005. Tháinig Catherine McGuinness, breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina ionad, agus í ag sealbhu an ról tráth a chuaigh an Coimisiún isteach sa cheathrú decaid.

athchóiriú an dlí freisin. Ar mháithre le tuilleadh airde a tharraingt ar na tuarascálacha uaidh, láithrigh an Coimisiún go rathúil os comhair an Choiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart. Chabhraigh sé sin le spreagadh a thabhairt do thairbhíochtaí a bhí ag tnúth lena gcuid oibre a chur i láthair coiste den Oireachtas ag deireadh an tionscadail.

Uachtarán Mary McAleese le Coimisinéirí agus foireann an Chóimisiúin ag seoladh an Pháipéir Comhairliúcháin ar an Dlí agus ar Dhaoinne Scothaosta.



An Coimisiún a Nuachóiriú


Sainathnóidh i dtuarascáil ó Deloitte and Touche ar an gCoimisiún roinnt fadhbanna lena eagrú agus lena bhainistiú. Sa tuarascáil uathu, d'admhaigh na comhairleoirí gur éirigh leis an gCoimisiún a neamhspleáchas a choinneáil agus taighde ardchaighdeán a tháirgeadh agus go raibh an-mheas ag ranna Rialtais air. Ní raibh ach clár amháin um athchóiriú an dlí ann faoin am sin, áfach, agus cuirteadh tús leis an gclár sin sa bhliain 1977. Moladh sa tuarascáil sin go bhforbrófaí clár trí chomhairliúcháin idir oifig an Ard-Aighne agus coiste comhairleach ina mbeadh na príomhranna rialtais uile agus ionadaithe ón Dlí-Chumann agus ó Chomhairle an Bharra. Moladh inti freisin go gcuirfí ról agus feidhmeanna na gCoimisinéirí agus an phearsanra in iúl ar shli níos soiléire agus gur cheart ról lanaimseartha a bheith i ról an Uachtaráin, agus roinnt solúbthachta ann lígean do bhreitheamh atá ag fónamh sui sa chúirt ó am go ham. Ghlac an Coimisiún leis na moltaí sin agus é ag iarraidh é féin a nuachóiriú.

An Dara Clár um Athchóiriú an Dlí

Sna blianta fada ó ceadú an chéad chláir, tháinig athru suntasach ar shochair na hÉireann, agus ba gha don Choimisiún aird a thabhairt ar réimsí nua athchóirithe. Cuirteadh tús leis an Dara Clár um Athchóiriú an Dlí sa bhliain 2000. Bhí sé mar aidhm leis tuairiscí ar shaincheisteanna amhail an córas dlí, fianaise, an dlí riaracháin, cearta sibhialta, an dlí coirúil, dlí na n-óibleagáidí, maoin réadach agus phearsanta, an dlí tráchtála, an tsochair faisnéise, grúpáil soghonta, agus an dlí idirnáisiúnta. Ag obair dó i gcomhar le hoifig an Ard-Aighne, bhreathnaigh an Coimisiún ar a raibh ón tsochair. Eagraíodh cruinnithe poiblí, agus buníodh comhdhálaacha bliantúla, agus an chéad cheann díobh sin ag baint leis an dlí talún.

Bhí spéis ar leith ann sa dlí a bhaineann le daoine scothaosta, a bhféadfadh meath teacht agus drochshláinte. D'fhoilsigh an Coimisiún

Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta sa bhliain 2003 agus Páipéar Comhairliúcháin ar Aosaigh Shoghonta agus an Dlí sa bhliain 2005, agus tuarascálacha gaolmhara a bhfoilsíu aige ina dhiaidh sin sa bhliain 2006. Roimhe sin, ba leis an Lunacy Regulation (Ireland) Act, 1871, a bhí as dáta, a rialaíodh aosaigh a raibh cumas dlíthiúil in easnamh orthu. Agus spreagadh a fháil aige ó Choibhinsín na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, mhol an Coimisiún oiliúcháin nua sa réimse seo, bunaithe ar an toimhde go bhfuil cumas ag gach aosaigh ó cionn 18 mbliana d'aois ach go bhféadfadh go dtéastódh uathu cosaint ar mhí-úsáid. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí measúnú ar chumas cinnnteoireachta tráth an chinnidh agus go gcuirfí córas nua caomhnóireachta a osach in ionad chóras na gCoimircithe Cúirte, agus cuirteadh an moladh sin ar áireamh san Acht um Chinnnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.



An Dara Clár um Athchóiriú an Dlí a seoladh i 2000.

Bhí an Breitheamh Anthony Hederman ina uachtarán ar an gCoimisiún cheana féin trath thús an tríú deacáid. Tháinig téarma an Bhreithimh Keane chun deiridh sa bhliain 1992, agus an Breitheamh Rory O'Hanlon ag teacht i gcomharbas air ar feadh tamaillín. Agus í ina chompháirtí le McCann Fitzgerald, chuaigh Patricia Rickard-Clarke isteach sa Choimisiún mar choimisinéir sa bhliain 1997. D'fhóin sí ar feadh tréimhse 15 bliana ansin, ag gníomhu di faoi thri uachtarán. Chuir sí saíneolas ar eagraíocht dlí nua-aimseartha a reáchtáil leis an gCoimisiún. Go deimhin, baineadh geit aisti nuair a chuaigh sí isteach in oifigi an Choimisiúin den chéad uair, trath a chonaic sí clóscríobháin as dáta agus páipéar nótaí a chuaigh siar go

An Coimisiún: John Quirke (runaí), Turlogh O'Donnell, Arthur F Plunkett, Hilary A. Delany, An Breitheamh Anthony J. Hederman agus Patricia T. Rickard-Clarke.




dtí an bhliain 1976. Agus an Coimisiún ag dul isteach sa tríú deacáid, ba léir gur ghá dó nuachóiriú ionas go bhféadadh sé aghaidh a thabhairt ar na hathruithe ar an tírdhreach dlí agus ar riachtanais na sochaí.

riachtanais na sochaí.

Tréimhse athchóirithe agus nuachóirithe shuntasáigh ba ea tríú deacáid an Choimisiúin, a thosaigh sa bhliain 1996. Brúdh an t-athchóiriú agus an nuachóiriú sin chun cinn mar gheall ar cheannaireacht nua agus mar gheall ar an diríú a leagadh ar aghaidh a thabhairt ar na hathruithe ar an tírdhreach dlí agus ar

An Tríú Deacáid 1996-2005



An Coimisiún: Anthony Hederman, Maureen Gaffney, Simon P. O'Leary, William Duncan, John Quirke, John F. Buckley.



Le linn na tréimhse sin, thosaigh an Coimisiún ag déanamh caidreamh méadaithe leis an bpobal. I gcás na tuarascála maidir le héigniú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le heagraíochtaí amhail an tIonad Eigeandála um Eigniú, oibríthe sóisialta, agus grúpaí brústocaireachta a raibh taitní dhíreach acu ar na saincheisteanna lena mbaineann. Thug an Coimisiún cuairt ar oifigi nuachtáin le linn do ciumhilleadh a scrúdu agus, i gcás dliteanas áititheora, bhual sé le feirmeoirí. Cé nár éirigh leis an gCoimisiún a spríocanna uile a bhaint amach, ba leis na tuarascálacha uaidh a leagadh an bhunchloch le haghaidh athchóirithe suntasasacha a dhéanamh ar an dli. B'ionann na tuarascálacha sin freisin agus freagairt radacach ar an bhfeasacht mhéadaitheach a bhí ag an tsochat ar shaincheisteanna tábhachtacha.

Lad síúd a bhí ag obair sa Choimisiún ag an am, is cuimhin leo an sásamh mór a bhí acu agus athchóirithe chomh suntasach sin á dtabhairt chun cinn acu. Bhí rún daingean ag Maureen Gaffney difear a dhéanamh, agus chuimhnigh comhaltai eile den Choimisiún ar an rannchuidiú ollmhór a rinne sí, go háirithe i réimsí an dli teaghlaigh, an dli um éigniú agus an dli um mí-úsáid ghnéasach leanaí. Ba ag Éirinn a bhí ceann amháin de na dlíthe is forásal maidir le héigniú san Eoraip ag am amháin, agus toirmeasc i bhfeidhm aici ar éigniú pósta. Mar gheall ar an am a chaithe sé in oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí, bhí dearcadh difriúil ag Simon O'Leary ar theacht isteach sa Choimisiún do. Mar sin féin, cuimhníonn sé go han-dearfach ar an am a chaithe sé sa Choimisiún, áit ar oibrigh gach duine le chéile chun an ghné acadúil agus an ghné phraiticiúil a cheangal go rathúil.

1990, ba é seasamh na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine go raibh dli na hÉireann ag sárú an Choinbhinsiúin.

Rinne an Coimisiún scrúdu ar an dli um homaighnéasachas freisin. Luadh i rialú ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine le déanaí go raibh an toirmeasc i dTuaisceart Éireann ar ghníomhartha homaighnéasacha ina shárú ar an gCoimhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, rud ar chuir Éire a hainm leis. Luaidh an Coimisiún go bhféadfadh an rialtas gníomhartha homaighnéasacha a dhíchóiriú. Luaidh sé freisin go bhféadfadh Éire tarraingt siar as an gCoimhinsiún, agus é ag rá: "no responsible body of opinion was advocating that". Mhol an Coimisiún go ndéanfaí athrú ar an dli chun an córas dlí céanna a bhfuil feidhm aige maidir le gníomhaíocht heitrighnéasach chomhthoilíúil a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht homaighnéasach chomhthoilíúil. Faoin am a foilsíodh an tuarascáil sa bhliain

feidhme. Choiriúil, 1992, a cuireadh na moltaí sin chun frise a úsáid. Ba tríd an Acht um Fhianaise mhodhnu agus socru a dhéanamh d'fhianaise n-áireofaí an dli um fhianaise chlostrácha a an próiseas trína dtugann leanaí fianaise, lena Leanaí, 1991. Mhol an Coimisiún go maolófaí a cuireadh san áireamh san Acht um Chúram sláinte agus foireann ospidéal, ar mholadh é ann le haghaidh comhair idir Gardaí, boird Coimisiún freisin go mbeadh sásra níos fearr Acht um Thus Aite do Leanaí, 2015. Mhol an sainordaitheach isteach den chéad uair tríd an suiar tugadh reachtáíocht maidir le tuairiscíú aige maidir leo. Chuaigh 30 bliain thart ansin oiliúna a sholáthar dóibh sin a mbeadh feidhm ba ghá tacú leis tríd thuilleadh acmhainní agus dtabharfaí tuairiscíú sainordaitheach isteach, is conspóidí. Dar leis an gCoimisiún, dá tuairiscíú sainordaitheach ar an tsaincheist ghnéasach leanaí sa bhliain 1990, tráth a bhí Thug an Coimisiún aghaidh ar mhí-úsáid (Baneigean) (Leasú), 1990.

le tograí eile tríd an Acht um an Dlí Choiriúil an moladh sin isteach i reachtáíocht in éineacht hargóintí ina fhabhar sin a eisteacht. Ligeadh isteach ach amháin tar éis don bhreithneamh na stair ghnéasach aon ghearánai a thabhairt don chúisí. Mhol sé, áfach, nach bhféadfaí nach páirtí i dtail páirt a ghlacadh chun dochar d'fhéadfadh a bheith ann dá bhféadfadh duine an eolas faoi na himpleachtaí bunreachtúla a dhíthíúil ar leithligh do ghearánaithe, agus é ar mhól an Coimisiún go ndéanfaí ionadaíocht bona fide de na meáin i láthair. Níor



Rinne an rialtas breithniú ar an gCoimisiún a dhíothú. Mheas John Rogers, an tArd-Aighne, áfach, gur cheart an Coimisiún a neartú agus gur cheart clár níos dirithe um athchóiriú an dlí a tharraingt suas. Ceapadh an Breitheamh Onórach Roman Keane mar Uachtarán ar an gCoimisiún sa bhliain 1986, agus chuaigh Simon O'Leary ó Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí, William Duncan ó Chólaiste na Tríonóide, John Buckley, aturnae agus breitheamh den Chúirt Chuarda ina dhiaidh sin, agus Maureen Gaffney, siceolaí, i bpáirt leis.

D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil maidir le héigniú sa bhliain 1988, inar moladh go seofraí triailacha éignithe go príobháideach agus go mbeadh sríanta tuairiscithe ann ar chomhaltai



Uachtarán an Choimisiúin Roman Keane, le John Buckley, Maureen Gaffney, Simon O'Leary, William Duncan agus John Quirke (rúnaí).

Bhí drochtús ann leis an dara decaid. Faoin mbliain 1986, ní raibh ach beirt chomhairleoirí taighde lánaimseartha ag an gCoimisiún agus ní raibh aon Choimisinéir ar bith aige chun obair na gcomhairleoirí sin a chur i gcrích.

An Dara Decaid 1986-1995



Tógadh ceim mhór i dtreo dlí teaghlaigh na hÉireann a fhréacnaíciu nuair a foilsíodh Tuarascáil maidir le Neamhdhlísteanacht sa bhliain 1982. Agus é ag aithint cé chomh huaillmhiánach agus bhí an togra, scríobh an Coimisiún: “we think that a law that denies substantial rights to innocent children needs radical reform.” Chinn an Coimisiún nár cheart srian a chur le cearta leanaí bunaithe ar stádas pósta a dtuismitheoirí agus gur cheart stádas na neamhdhlísteanachta a bhaint den dlí. Léiríodh an méid sin tráth níos déanaí san Acht um Stádas Leanaí, 1987, rud lenar cuirfeadh deireadh le coincheap dlíthiúil na neamhdhlísteanachta in Éirinn.

Scrúdaiodh an tsaincheist a bhaineann le háitribh lochtacha sa bhliain 1982. Sa tuarascáil uaidh, mhol an Coimisiún go gcuirfí tógáilthe, forbróirí agus institiúidí airgeadais faoi dhiliteanas i leith lochtanna i bhfoirgnimh. Dar leis an gCoimisiún, tá dualgas ar gach ceann de na páirtithe sin a chinntiú go gcuirfear a gcuid oibre i gcrích go gairmiúil agus go n-úsáidfear ábhair oiriúnacha chuí lena linn ionas go mbeidh an foirgneamh oiriúnach don fheidhm. Dar leis freisin, is é ceannach tí an mhír aonair is costasail go mór fada a cheannóidh formhór na ndaoine ina saol agus “That they should enjoy a lesser guarantee of quality than that enjoyed by purchasers of goods, which is the present legal position, is anomalous, to say the least.” Chuir Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta i gcoinne na moltaí sin, agus í ag rá go méadófaí an costas ar thithíocht dá ndeasca, agus chinn an rialtas gan na moltaí ón gCoimisiún a chur chun feidhme.

Bhreathnaigh an Coimisiún ar aithint colscarthaí coigríche freisin, agus é ag moladh nár cheart na colscarthaí sin a aithint i gcás go raibh gnáthchónar ar an mbeirt chéill in Éirinn nó i gcás gur bhog duine amháin díobh thar lear ar feadh tréimhse shealadach chun colscaradh a lorg agus chuirge sin go príomha. Bhí an tuarascáil maidir le Divorce a Mensa et Thoro (*idirscaradh de facto*) a foilsíodh sa bhliain 1983 níos cuimsithe fós. Leagadh amach inti an bunús le haghaidh athbhreithniú mór a dhéanamh ar an dlí um idirscaradh breithiúnach, agus na

forais leis sin á leathnú ó adhatranas agus ó chruálacht chun go bhfóidh siad freisin iompar míreásunach, tréigean, cliсадh pósta, agus cásanna ina bhfuil an lánúin ag cónaí ar leithligh óna chéile go leaúnach ar feadh tréimhse shonraithe. Cuirfeadh na tograí sin ar áireamh tráth níos déanaí san Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989, agus san Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995. Na hathchóirithe a moladh le linn na chead deacáide, ní hé amháin go raibh siad ceaptha chun an dlí teaghlaigh a fhréacnaíciu, ach bhí siad ceaptha freisin chun an bealach a réiteach le haghaidh córas dlí níos cothroime, ina léireofaí ról lárnach an Choimisiúin ó thaobh bunathrú dlí de.



Leathanach cumhdáigh don chead tuarascáil ón Coimisiún maidir le Dlí Teaghlaigh (1981).

Ba leis an Dlí Teaghlaigh a bhain an chéad tuarascáil ón gCoimisiún, a foilsíodh sa bhliain 1981. Agus tréacht á dhéanamh aige ar thort an chomhrá choiriúil, d'aithin an Coimisiún mar a leanas sa tuarascáil sin: "that the rather barbarous theoretical basis of the action, which savours of a proprietary interest in one's spouse, offends against modern notions". Dá réir sin, mhol an Coimisiún go gcuirfí deireadh le tort an chomhrá choiriúil agus go mbeadh an ceart céanna ag an mbeirt chéili chun tríú páirtí a

agairt as adhaltranas. Mhol an Coimisiún go gcuirfí deireadh leis an gcaingean mar gheall ar shárú gealltanais pósta, ar mhodh é a cuireadh chun feidhme ina dhiaidh sin leis an Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1981. Rinne sé tograí freisin maidir le sócmhainní pósta a roinnt, agus aird a tabhairt ar rannfocailocht airgeadais na má ceile agus ar a rannchuidiú le haire a thabhairt don teaghlach.

suntasacha ar an dlí.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Athchoiriú an Dlí 20 tuarascáil le linn na chéad decaíde dá chuid oibre. I gcás 15 cinn díobh, rinneadh reachtálocht díobh nó cuireadh iad san áireamh i reachtálocht. Bhunaigh an Coimisiún a sheasamh, agus d'ullmhaigh sé roinnt tuarascálacha ceannródaíocha as ar tháinig athchoirithe

An Chéad Decaid

1975-1985




An Chéad Chomisiún

Bunaíodh an chéad Chomisiún sa bhliain 1975, agus an Breitheamh Onórach Charles J. Conroy a ghlac an ról Walsh ina Uachtarán air. Ba é an Breitheamh Onórach Charles J. Conroy a ghlac an ról mar Chomisiúinéir Iánaimeasártha, agus é ag dul ar scor ón ról mar Uachtarán ar an gCúirt Chuarda. Chuaigh na daoine seo a leanas i bpáirt leis ar an gComisiún: an tOllamh Robert Heuston, Ollamh Regius le Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Atha Cliath; Martin Marren, Aturnae; agus an Dr Helen Burke, Léachtóir i Roinn na nEolaíochtaí Sóisialta, Coláiste na hOllscoile, Baile Atha Cliath, agus an t-aon chomhata amháin den Chomisiún nár dhúine den lucht dlí í.



Ag an gcéad chruinniú don Chomisiún um Athchóiriú an Dlí, tógadh grianghraf de na daoine seo a leanas: (ina seasamh) an tOllamh Robert Heuston, An Dr. Helen Burke, An Breitheamh Brian Walsh (Uachtarán), An Breitheamh Charles J. Conroy, Martin E. Marren (ina sui), An tArd-Aighne Declan Costello, Taoiseach Liam Cosgrave agus Rúnar don Rialtas Donal O'Sullivan.

Ní raibh aon oifig ná aon leabharlann ag an gComisiún, agus bhí cuma uallimhianach ar an spríoc a bhí aige dlí na hÉireann a chomhdhlúthú agus a chodú. Ba é a bhí aige, áfach, ná an sainneolas de chuid comhairleoirí, táighde mór le rá amhail William Binchy, Bryan McMahon agus Charles Lysaght. Ba i mí Eanáir 1977 a leagadh an Chéad Chlár um Athchóiriú an Dlí faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Bhí raon feidhme leathan ag an gClár sin, inar cumhdaitíodh beagnach gach gné den dlí coirúil agus inar samhlaíodh scrúdúithe fadréimséacha ar an dlí riaracháin agus ar an dlí teaghlaigh.



Litrí chumhdáigh ó Uachtarán an Chomisiúin go dtí an tArd-Aighne seo le cóp den Chéad Chlár um Athchóiriú an Dlí.

An Chéad Chlár um Athchóiriú an Dlí, 1977.

² Ronan Keane, 'Thirty Years of Law Reform 1975-2005' (2005).

Ba mar chomhlacht neamhspleách a bunaíodh an Coimisiún, agus tá sé ag oibriú sa chail sin ó thús. Chun a shocrú go gcuirfead na moltaí uaidh chun feidhme, ní mór don Choimisiún obair go dlúth leis an rialtas agus a neamhspleáchas a chothabháil an tráth céanna; ar shli eile, d'fhéadfaí a mheas nach ann don Choimisiún ach chun beartas an rialtais a chur i ngníomh. Leag an Breitheamh Onórach Mary Laffoy, iar-Uachtarán an Choimisiúin,

Neamhspleáchas an Choimisiúin

Ba é an Breitheamh Onórach Ronan Keane, iar-Uachtarán an Choimisiúin, a thug an minníú is fearr air sin nuair a dúirt sé mar a leanas maidir le comhdhlúthú: "seeks to bring together in one statute measures in particular areas of law which are to be found in a number of different statutes... Codification by contrast involves the setting out in one statute of all the law affecting a particular topic whether it is to be found in statutes or in common law."²

"Toláinn "athchóiriú", maidir leis an dli nó le brainse den dli, a fhorbairt, a chodú (lena n-áirítear go háirithe a shimpliú agus a fhreacnaircú) agus athbhreithniú agus comhdhlúthú an dli reachtúil..."

Ina theannta sin:


"Coimeádaídh an Coimisiún an dli faoi bhreithniú agus deánfaidh sé, de réir forálacha an Achta seo, scrúdúithe a ghabháil de láimh agus taighde a sheoladh d'fhonn an dli a athchóiriú, agus tograí a leagan amach le haghaidh athchóiriú an dli;"

Luatear mar a leanas san Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dli, 1975:

Cuspóir an Choimisiúin

béim ar a thábhacht atá sé go n-ibíreodh an Coimisiún i gcomhar leis an bhFeidhmeannas agus leis an bpobal agus go gcaomhódh sé a neamhspleáchas an tráth céanna. Mheas sí gurb é an reachtas tofa an t-aon chomhlacht reachtóireachta amháin ó thaobh an bhunreacht de, áit a bhfeidhmiú an Rialtas mar phríomhfhaightheoir tograí, lena n-áirítear iad sin ón gCoimisiún.

An tAcht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dli, 1975.



An Coimisiún a bhunú

Ón dara haois déag go dtí an fichiú haois, bhí córas dlí na hÉireann ceangailte leis sin a bhí i bhfeidhm i Sasana agus sa Ríocht Aontaithe. Tar éis neamhspleáchas a bhaint amach, tugadh an dlí láithreach ar aghaidh, agus lean na cúirteanna le cló le prionsabail ghinearálta an dlí choitinn. Ba sa bhliain 1962 a aithníodh an gá le comhlacht a bhunú chun athchóiriú an dlí a scrúdú agus a mhaoirsiú, tráth a bunáilodh rannán laistigh den Róinn Dlí agus Cirt mar thoradh ar scéim chórasach um athchóiriú an dlí. Ba é aidhm na scéime sin reachtáilocht réamh-neamhspleáchais a oiriúint don ré iar-neamhspleáchais agus reachtáilocht a thabhairt isteach lena léireofaí luachanna athraitheacha shochoil na hÉireann.

Níor bunáilodh aon choimisiún foirmiúil ach amháin sna 1970í, áfach. Ba leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, a rinneadh amhlaidh. Agus uachtarán agus ceathrar coimisinéirí aige, cuirteadh de chúram ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí comhairle a thabhairt maidir le hathchóiriú an dlí agus féachaint freisin leis an dlí láithreach a chodú agus a chomhdhlúthú. Leag Declan Costello, an tArd-Aighne, béim ar a thábhachtai atá athchóiriú an dlí in aitheasc os comhair na Dála:



Litr ó Uachtarán an Choimisiúin go dtí an tArd-Aighne ag deimhniú bunú an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.

“If a community’s laws become inadequate for the functions for which they were designed, if they become obsolete, or are too numerous, or over-refined by judicial interpretation, then cases of individual injustices will multiply and society as a whole will suffer.”¹

¹ ‘Dispoireachtai Dála – An Bille fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975: An Dara Céim

Leiríú ar na hathruithe leanúnacha in Éirinn an lae inniu is ea stair an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí le 50 bliain anuas. Bhí ról rithábhachtach ag an gCoimisiún maidir le tirdhreach dlí na hÉireann a mhúnlú le linn na tréimhse sin, agus é ag rannchuidiú le hathchóirithe suntasacha ar an dlí teaghlaigh, ar na cearta atá ag daoine a bhfuil míchumas orthu, ar shaincheisteanna dlí choiriúil, agus ar rialáil eintiteas corparáideach. D'fhoilsigh an Coimisiún 128 dtuarascáil ó bunaidh ar dtús é, agus bhí tionchar díreach ag cuid mhór díobh sin ar reachtáilocht na hÉireann.

Le linn a chuid oibre ar fad, sheas an Coimisiún lena neamhspleáchas agus lena thiomantas d'athchóiriú fiúntach an dlí, bunaithe ar thrédharcacht agus ar rannpháirtíocht an phobail. Instear scéal an Choimisiúin sna leathanaigh seo. Leagtar amach iontu roinnt de na tioncnaimh a sheol sé sa chaoga bliain seo a chuaigh thart, agus diríú á leagan ar athchóirithe tabhachtacha dlí, ar athruithe laistigh den eagraíocht, agus ar na dúshláin agus na deiseanna a bhíonn ag teacht chun cinn.

Clár Ábhair

Réamhrá	4
An Coimisiún a bhunú	5
Cuspóir an Choimisiúin	6
Neamhspleáchas an Choimisiúin	6
An Chéad Choimisiún	7
An Chéad Deacáid, 1975-1985	8
An Dara Deacáid, 1986-1995	10
An Tríú Deacáid, 1996-2005	12
An Coimisiún a Nuachóiriú	13
An Dara Clár um Athchóiriú an Dlí	13
An Ceathrú Deacáid, 2006-2015	15
An Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí	15
Gearchheim don Choimisiún	16
Leanúint ar Aghaidh	16
An Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí	17
An Cúigiú Deacáid, 2016-2025	18
An Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí	19
Rochtain ar Reachtáfocht	20
Breathnú Chun Cinn	21
Leabharliosta	22
Cad a Tharla do mo Thuarascáil?	23
An Breitheamh Onórach Úna Ní Raifeartaigh	23
An tOllamh Deirdre Aherm	24
An Dr Joseph Spooner	25
Fiona O'Regan	26
Rolla Onóra	26
Iar-Uachtarán	26
Iar-Choimisinéirí	27







CAOGA BLAIN AG ATHCHÓIRIÚ AN DLI

COMIISIÚN UM
LAW REFORM
ATHCHÓIRIÚ AN DLI
1975-2025

